Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11602/26**

**JAI 954**
**FREMP 236**
**AG 111**
**POLGEN 187**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht ar an idirphlé bliantúil faoin smacht reachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis seo, na conclúidí maidir leis an meastóireacht ar an idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 14 Iúil 2026.

Gheobhaidh na toscaireachtaí, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis seo, ráiteas ón Iodáil.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN MEASTÓIREACHT AR AN IDIRPHLÉ BLIANTÚIL FAOIN SMACHT REACHTA

AG MEABHRÚ DI, ón tráth ar ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus na Ballstáit na Conclúidí ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 16 Nollaig 2014[1], go bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach, de mheon an chomhair dhílis, san idirphlé bliantúil faoin smacht reachta laistigh den Chomhairle, i bhfianaise a thiomanta atá siad an smacht reachta a neartú mar cheann de luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh.

AG MEABHRÚ DI gur thacaigh 26 thoscaireacht leis na conclúidí ón Uachtaránacht an 19 Samhain 2019[2] agus, tráth a raibh na conclúidí sin á n-ullmhú, gur chomhaontaigh na toscaireachtaí uile an t-idirphlé faoin smacht reachta laistigh den Chomhairle a mheas an athuair faoi dheireadh 2023, agus an taithí a fuarthas á cur san áireamh.

AG MEABHRÚ DI, mar a leagtar amach sa Nóta ón Uachtaránacht chuig na Toscaireachtaí an 28 Meán Fómhair 2020[3], gur fhorbair an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an t-idirphlé bliantúil faoin smacht reachta mar chleachtadh polaitiúil agus gur struchtúraíodh é, go réalaíoch, sa chéad seimeastar de gach bliain trí sheisiún amháin a bhí dírithe ar bhabhtaí leantacha d’anailísí tírshonracha ar staid an smachta reachta i gcúig Bhallstát agus, le linn an dara seimeastar de gach bliain, trí dhá sheisiún: seisiún amháin inar díríodh ar staid ghinearálta an smachta reachta san Aontas agus seisiún eile inar díríodh ar anailís thírshonrach, agus leas á bhaint i gcónaí as Tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta. Ina theannta sin, d’fhorbair an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile roinnt díospóireachtaí téamacha sonracha maidir le hábhair a bhaineann leis an smacht reachta.

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas**

1. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil conclúidí 2014 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hurraim don smacht reachta a áirithiú, go bhfuil siad bailí go fóill.

2. Aontaíonn sí go bhfuil tairbhe ag baint leis an idirphlé bliantúil a dhéantar sa Chomhairle maidir leis an smacht reachta, agus go gcruthaítear spás do phlé cuiditheach polaitiúil i measc na mBallstát agus gur féidir dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt.

---

[1] 17014/14.
[2] 14173/19.
[3] 11094/20.

3. Athdhearbhaíonn sí na prionsabail a liostaítear i gconclúidí 2014, go háirithe: an oibiachtúlacht, an neamh-idirdhealú agus an chóir chomhionann i gcás na mBallstát uile, cur chuige neamhpháirtíneach fianaisebhunaithe, gan dochar do phrionsabal na n-inniúlachtaí arna dtabhairt, mar aon le hurraim d'fhéiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát atá intuigthe ina mbunstruchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla, lena n-áirítear féinrialú réigiúnach agus áitiúil, agus ina bhfeidhmeanna bunúsacha Stáit, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, ord poiblí a choinneáil agus slándáil náisiúnta a chosaint; agus geallann sí go gcloífidh sí leo de mheon an chomhair dhílis i gcónaí.

4. Tugann sí dá haire go leanfar den idirphlé seo a fhorbairt ar bhealach atá comhlántach le hInstitiúidí uile an Aontais agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta, lena seachnófar dúbláil agus lena gcuirfear na hionstraimí atá ann cheana san áireamh, mar aon leis an saineolas sa réimse seo.

5. Tugann sí dá haire, agus an t-idirphlé sin á eagrú agus á reáchtáil, go n-áiritheoidh an Uachtaránacht i gcónaí go n-urramófar prionsabail an idirphlé a liostaítear i míreanna 3 agus 4 thuas go hiomlán.

6. Cuireann sí in iúl go bhfuil an t-idirphlé pholaitiúil seo níos láidre, níos dírithe ar thorthaí agus go bhfuil struchtúr níos fearr air a bhuí leis an ábhar agus an struchtúr a bhaineann leis faoi láthair, agus go ndéantar an t-idirphlé a ullmhú ar bhealach níos córasaí. Cuireadh feabhas ar an idirphlé tríd an bhformáid reatha, lena n-áirítear díospóireachtaí ginearálta agus seisiúin thírshonracha, agus rinneadh sin trí mheasúnú bliantúil a dhéanamh ar an staid reatha agus ar na príomhfhorbairtí maidir leis an smacht reachta. Is féidir fíorphlé cuimsitheach idirghníomhach polaitiúil, dírithe go ginearálta ar staid an smachta reachta sna Ballstáit agus san Aontas ina iomláine, a bheith ann mar gheall air sin.

7. Tugann sí dá haire, cé go meastar gur sásúil ábhar agus struchtúr reatha an idirphlé, gur cheart tuilleadh feabhais a chur air chun léiriú níos fearr arís a thabhairt ar thiomantas na Comhairle an smacht reachta a neartú agus cuidiú leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn agus atá ann cheana maidir leis an smacht reachta a chosc, ar bhealach cuimsitheach cuiditheach, trí dhea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a phlé agus a roinnt.

8. Geallann sí go leanfaimid de phlé cothrománach ginearálta a eagrú sa dara seimeastar den bhliain, agus go n-eagróimid plé tírshonrach trí huaire sa bhliain; beidh dhá sheisiún plé ar siúl sa chéad seimeastar agus ceann amháin sa dara seimeastar, agus díreofar ar an staid i gceithre Bhallstát i ngach seisiún.

9. Geallann sí an t-idirphlé sin a dhíriú ar anailís a dhéanamh ar na ceithre cholún seo a leanas a bhaineann leis an smacht reachta, ar a laghad: an córas ceartais, an creat in aghaidh an éillithe, iolrachas sna meáin agus saoirse na meán, chomh maith le saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin; beidh an méid sin gan dochar do raon feidhme níos leithne an idirphlé sin sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta.

10. Tugann sí dá haire, go réalaíoch, go mbeidh an t-idirphlé sin fós bunaithe ar an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta, agus go gcruthófar sineirgí idir na hinstitiúidí, agus tugann sí dá haire go bhfuil moltaí sa tuarascáil mar bhealach chun béim a leagan ar shaincheisteanna sonracha ar gá do na Ballstáit níos mó airde a thabhairt orthu.

11. Iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den dhlúthcheangal atá aige leis na Ballstáit agus den idirphlé a dhéantar leo a áirithiú nuair a bhíonn an tuarascáil bhliantúil á hullmhú, agus leanúint d'fheabhas a chur ar an ullmhúchán sin trí aird a thabhairt ar na prionsabail lena rialaítear an t-idirphlé sin.

12. Tugann sí dá haire go bhféadfadh breithnithe eagraíochtaí idirnáisiúnta dlí phoiblí a mhéid a cuireadh san áireamh iad i dTuarascáil bhliantúil an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta dul chun tairbhe don idirphlé sin, agus cé gur foinsí faisnéise coimhdeacha agus cúntacha iad na breithnithe, is foinsí luachmhara iad freisin, go háirithe na cinn sin ó Chomhairle na hEorpa agus a comhlachtaí, ar aithníodh a luach, *inter alia*, sna conclúidí ón gComhairle an 30 Eanáir 2023[4], agus ar aithin an Chúirt Bhreithiúnais agus an Coimisiún é chomh maith[5].

13. Aontaíonn sí, i dteannta leis an idirphlé sin a eagrú, go bhféadfadh an Uachtaránacht smaoineamh ar sheisiúin phlé idirghníomhacha a reáchtáil níos minice, mar shampla, seimineáir faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta leis na páirtithe ábhartha leasmhara, go háirithe saoránaigh, an tsochaí shibhialta, parlaiminteoirí, údaráis áitiúla, an saol acadúil, comhpháirtithe sóisialta agus iriseoirí.

14. Aithníonn sí ról agus freagrachtaí cothrománacha na Comhairle Gnóthaí Ginearálta a bhfuil an t-idirphlé sin á reáchtáil aici; aithníonn sí go bhfuil ról comhlántach ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile nuair a bhíonn plé téamach sonrach á reáchtáil aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a thagann faoina sainchúram, agus cur chuige cuimsitheach á leanúint aici, ina dtugtar aird, de réir mar is iomchuí, ar an bplé a rinneadh sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta.

15. Tugann sí dá haire, mar obair leantach ar an idirphlé sin ag cruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, go bhféadfaí plé a eagrú ar cheann amháin nó níos mó de na téamaí sonracha cothrománacha a bhaineann leis an smacht reachta sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, nuair a mheastar é a bheith iomchuí agus riachtanach.

16. Aontaíonn sí go leanfaidh na hUachtaránachtaí inteachta go léir de na Ballstáit a thabhairt le chéile don idirphlé faoin smacht reachta sa Chomhairle de réir na formáide agus na minicíochta a comhaontaíodh thuas, agus aontaímid go ndéanfar meastóireacht nua, faoi dheireadh 2027, ar an taithí a fuarthas ón idirphlé sin.

[4] 5422/23.
[5] 11217/19.

**IARSCRÍBHINN II**

## RÁITEAS ÓN IODÁIL

Is díol sásaimh don Iodáil gur glacadh na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an idirphlé bliantúil faoin smacht reachta agus tacaíonn sí leis an gcur chuige idirphlé idir piaraí atá mar bhonn leis an gcleachtadh bliantúil ar an smacht reachta, a seoladh faoi Uachtaránacht na hIodáile in 2014, i gcomhréir le lánurramú - agus cur chun cinn d'aon toil - na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE.

Tugann an Iodáil dá haire, go deimhin, gur próiseas neamhfhoirmiúil comhroinnte agus cuntasachta frithpháirtí idir na Ballstáit é an t-idirphlé leanúnach agus an malartú dea-chleachtas a dhéanann siad le chéile agus le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh faoin smacht reachta agus, go bhfuil cineál an-pholaitiúil, coisctheach agus neamhcheangailteach ó thaobh dlí de ag an idirphlé sin. Táimid den tuairim i gcónaí gurb é an cur chuige is fearr é, agus é bunaithe ar chomhar cuiditheach idir-rialtasach agus ar ról lárnach na Comhairle.

I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an Iodáil le cineál solúbtha an tsásra athbhreithnithe piaraí a bhunaítear leis na Conclúidí, sásra atá bunaithe ar chritéir na hoibiachtúlachta, an neamhidirdhealaithe agus na córa comhionainne idir na Ballstáit - ar gnéithe iad sin atá fíor-riachtanach chun smachtbhannaí uathoibríocha nach ngabhann comhréireacht ná cothroime leo a sheachaint. Tá an próiseas sin fós éagsúil leis na hionstraimí dlí dá bhforáiltear sna Conarthaí chun sáruithe an smachta reachta a shainaithint agus a bhainistiú, agus leis na clásail coinníollachta airgeadais atá nasctha leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá faoi chaibidil faoi láthair; maidir leo sin, áfach, tá sé ríthábhachtach i gcónaí ról ceannasach agus úinéireacht pholaitiúil iomlán na mBallstát a chaomhnú - agus, go deimhin, iad a neartú.